Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7801/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0081(NLE)**

**AVIATION 40**
**RELEX 420**
**COEST 280**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 154 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 154 final.

Faoi iamh: COM(2025) 154 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.4.2025
COM(2025) 154 final

2025/0081 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tar éis bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais sna cásanna 'Aerspás Oscailte', mar a thugtar orthu, an 5 Meitheamh 2003, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le tríú tíortha maidir le comhaontú ar leibhéal an Aontais ('an t-údarú cothrománach') a chur in ionad forálacha áirithe i gcomhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana maidir le haersheirbhísí.

An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí ('an Comhaontú'), tá sé bunaithe ar an údarú cothrománach sin agus tá sé mar chuspóir sonrach aige na comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana maidir le haersheirbhísí a leasú chun iad a chur i gcomhréir le dlí an Aontais, trí rochtain neamh-idirdhealaitheach a thabhairt d'aeriompróirí uile an Aontais ar aerbhealaí idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha.

Cuireadh tús le caibidlíocht leis an gCasacstáin in 2007 agus cuireadh inisealacha le chéad dréacht 'Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí' ('Comhaontú 2007') leis an gCasacstáin. In 2008, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir leis an gcéad chomhaontú sin a thabhairt i gcrích (COM(2008) 92). Dhiúltaigh an Chasacstáin Comhaontú 2007 a shíniú ina dhiaidh sin, áfach.

Cuireadh tús arís leis an gcaibidlíocht leis an gCasacstáin in 2022 agus chuir na hidirbheartaithe inisealacha le Comhaontú athbhreithnithe i mí Dheireadh Fómhair 2024.

Gabhfaidh an togra seo ionad an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gcéad chomhaontú sin a thabhairt i gcrích (COM(2008) 92), togra atá imithe i léig agus a tharraingítear siar leis seo. Tá difríocht mhór idir an Comhaontú atá ann faoi láthair agus Comhaontú 2007. Níl aon chur i bhfeidhm sealadach beartaithe sa dréacht-chomhaontú nua agus modhnaíodh forálacha éagsúla eile chun dea-chleachtais a fuarthas ó thaithí ar an gcineál sin comhaontaithe le linn na sé bliana déag idir an dá thréimhse sin a chur san áireamh.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tagann forálacha an Chomhaontaithe in ionad na bhforálacha atá ann cheana in 17 gcomhaontú dhéthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus an Chasacstáin, nó comhlánaítear na forálacha sin le forálacha an Chomhaontaithe .

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Fónfaidh an Comhaontú seo do chuspóir bunúsach de bheartas eitlíochta seachtrach an Aontais trí na comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana maidir le haersheirbhísí a chur i gcomhréir le dlí an Aontais leis.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra bunaithe go hiomlán ar an 'údarú cothrománach' a dheonaigh an Chomhairle, agus na saincheisteanna a chumhdaítear le dlí an Aontais agus le comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí á gcur san áireamh.

- **Comhréireacht**

Leis an gComhaontú seo ní dhéanfar forálacha i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí a leasú nó a chomhlánú ach a mhéid is gá chun comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú.

- **An rogha ionstraime**

Is é an Comhaontú idir an tAontas agus an Chasacstáin an ionstraim is éifeachtúla chun gach comhaontú déthaobhach atá ann cheana maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus an Chasacstáin a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE, rinne an Coimisiún caibidlíocht i gcomhairle le coiste speisialta. Chuathas i gcomhairle leis an tionscadal eitlíochta chomh maith le linn na caibidlíochta. Cuireadh barúlacha a tugadh le linn an phróisis sin san áireamh. D'fhíoraigh na Ballstáit lena mbaineann cruinneas na dtagairtí do na comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí. Chuir daoine ón tionscadal eitlíochta béim ar a thábhachtaí atá bunús fónta dlí dá n-oibríochtaí tráchtála.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Leis an togra seo foráiltear maidir le simpliú na reachtaíochta. Na forálacha ábhartha de na comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus an Chasacstáin, tiocfaidh na forálacha a bheidh in aon chomhaontú aonair amháin in ionad na bhforálacha sin, nó comhlánófar na forálacha sin le forálacha an chomhaontaithe aonair sin.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleachtaí ag an togra i dtaca le buiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tabharfaidh na Páirtithe sa Chomhaontú fógra dá chéile i scríbhinn trí bhealaí taidhleoireachta faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha féin ar gá leo chun go dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm. Tiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ar dháta an fhógra is déanaí.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Go traidisiúnta, rialaíodh an caidreamh eitlíochta idirnáisiúnta idir na Ballstáit agus tríú tíortha le comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus na tríú tíortha sin, leis na hiarscríbhinní a ghabhann leis na comhaontuithe sin agus le socruithe déthaobhacha nó iltaobhacha gaolmhara eile.

Mar sin féin, sáraíonn clásail ainmniúcháin thraidisiúnta i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí na mBallstát dlí an Aontais. Leis na comhaontuithe sin ceadaítear do thríú tír ceadanna nó údaruithe aeriompróra a dhiúltú, a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, ar aeriompróir é atá ainmnithe ag Ballstát ach nach bhfuil faoi úinéireacht shubstaintiúil ná rialú éifeachtach an Bhallstáit sin ná a náisiúnach. Cinneadh gur idirdhealú é sin in aghaidh aeriompróirí an Aontais atá bunaithe i gcríoch Ballstáit ach atá faoi úinéireacht agus faoi rialú náisiúnach Ballstát eile. Tá sé sin contrártha d'Airteagal 49 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh lena ráthaítear do náisiúnaigh na mBallstát a fheidhmíonn a saoirse bhunaíochta an chóir chéanna sa Bhallstát óstach agus a chuirtear ar náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

I gcomhréir leis na sásraí agus na treoracha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an 'údarú cothrománach', rinne an Coimisiún Comhaontú a chaibidliú leis an gCasacstáin a thiocfaidh in ionad forálacha áirithe sna comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus an Chasacstáin. Le hAirteagal 2 den Chomhaontú cuirtear clásail ainmniúcháin de chuid an Aontais in ionad na gclásal ainmniúcháin traidisiúnta, agus leis sin ceadaítear d'iompróirí uile an Aontais tairbhiú go hiomlán dá gceart bunaíochta.

Tar éis don comhaontú a bheith sínithe, ba cheart é a thabhairt i gcrích. Leis seo moltar cinneadh chuige sin.

2025/0081 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le pointe (a) d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE).../... ón gComhairle[1], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí ('an Comhaontú') an [...], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Tá sé de chuspóir ag an gComhaontú comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir 16 Bhallstát agus an Chasacstáin a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (an 'Comhaontú') a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[1] Cinneadh (AE)…/… ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Phoblacht na Casacstáine maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (IO L [XXX], [XXX], lch. [XX]).